SÁRMHAITHEAS TRÍ
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly*
*Education and Training Board*

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2020

www.loetb.ie

loetb

# CLÁR ÁBHAIR


**Brollach leis an gCathaoirleach** — **4**

**Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach** — **5**

**Bord agus Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** — **6**

Ballraíocht an Bhoird 6
Freastal ar Chruinnithe Boird

Deimhniú Comhlíonta 8

Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 10
Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais 11

**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** — **12**

Próifíl Eagraíochta 12
Léarscáil na Seirbhísí 13

Suíomh na Seirbhísí 14

Miondealú Foirne 15

An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí 15
Scéim Teanga 15
Ráitis Airgeadais 16

Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha 16

**Tuarascáil Phlean na Seirbhíse** — **18**

**Gluais** — **39**

# BROLLACH LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an Tuarascáil Bhliantúil 2020 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Is leathan an obair a dhéanann BOOLUF mar eagraíocht reachtúil a bhfuil freagracht air as iar-bhunscoileanna, breisoideachas agus oiliúint, seirbhísí óige, ealaín san oideachas agus riarachán ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Léirítear sa tuarascáil seo rath na heagraíochta maidir lenár ról aitheanta laistigh den phobal a fhorbairt mar sholáthraí deiseanna oideachais agus oiliúna inrochtana agus ar ardchaighdeán, atá bunaithe go háitiúil a chuirtear ar fáil do gach aoisghrúpa. Bíonn riachtanais ár mac léinn ríthábhachtach i gcónaí don tseirbhís a chuireann an BOOLUF ar fáil agus is í an bhéim seo a chuirfidh ar ár gcumas freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin atá i mbun athrú de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Seosamh Mac Cuinneagáin, lena fhoireann bainistíochta, agus leis an bhfoireann go léir ag BOOLUF as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don tsármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. D'imir Covid-19 tionchar suntasach ó Mhárta 2020 ar aghaidh ar na seirbhísí múinteoireachta, foghlama, agus tacaíochta ag BOOLUF agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as na hiarrachtaí ollmhóra a rinne siad in ainneoin na ndúshlán uile a chuir an phaindéim romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair mo chomhbhall ar an mBord a chuireann a gcuid ama ar fáil chomh díograiseach agus gan stad gan staonadh chun cur le rialachas BOOLUF.

An Comh. Robert McDermott
Cathaoirleach


# RÉAMHRÁ LEIS AN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Is mór an sásamh a thugann sé dom Tuarascáil Bhliantúil 2020 BOOLUF a chur i láthair. Ba é 2020 an tríú bliain inar cuireadh i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 5 bliana (2018-2022) agus is céim thábhachtach é i bhforbairt BOOLUF mar an soláthraí reachtúil oideachais agus oiliúna sa réigiún. Cuirtear deis ar fáil dúinn sa tuarascáil seo machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích de réir spriocanna agus thosaíochtaí an ráitis straitéise agus ár bPlean Seirbhíse don bhliain 2020 freisin. Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil achoimre ar an staid airgeadais agus eolas ábhartha faoi acmhainní daonna agus seirbhísí corparáideacha i rith na tréimhse seo. In 2020, ba sheasmhach i gcónaí do dhíriú na heagraíochta fad a bhíomar meáite ar na deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil ar an gcaighdeán is airde a sholáthar do gach pobal ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

D'imir Covid-19 tionchar suntasach ó Mhárta 2020 ar shochaí na hÉireann, agus d'imir sé tionchar ar gach gné dár saol. Chruthaigh na hathruithe gaolmhara a rinneadh ar an earnáil oideachais agus oiliúna suaitheadh agus dúshlán. Mar gheall gur dúnadh saoráidí oideachais agus oiliúna, tháinig athruithe móra ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim agus ar ár seirbhísí tacaíochta. Táim thar a bheith bródúil as an tsárfhreagairt a rinne an bhainistíocht agus an fhoireann ag BOOLUF le leanúnachas ár seirbhísí a chinntiú agus na deacrachtaí seo buailte linn. Tá dúshláin éagsúla tagtha romhainn ar fud na heagraíochta, ach ba dhaingean diongabháilte agus ba dhílis do thiomantas agus dúthracht na foirne dár luachanna i gcónaí. Go deimhin, b'ábhar spreagtha gairmiúlacht, nuálaíocht, agus cruthaitheacht na foirne lena chinntiú gur bhain ár mic léinn an t-eispéireas agus toradh ab fhearr agus ab fhéidir amach agus cruachás agus éiginnteacht Covid-19 sa mhullach orainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an triúr Stiúrthóirí as an gceannaireacht a rinne siad i rith na tréimhse dúshlánaí seo.
Léiríonn an líon méadaitheach de mhic léinn a fhreastalaíonn ar ár scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna an rath leanúnach atá ar ár n-obair.

Ba mhaith liom mó bhuíochas agus m'ómós a chur in iúl dó na daoine seo a leanas:
An Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird as a gcomhoibriú gníomhach maidir le gnó BOOLUF a chur chun cinn ar go leor bealaí le linn 2020;
Na comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta agus coistí BOOLUF a thugann a gcuid ama go flaithiúil chun obair an Bhoird a chur chun cinn;
Bainistíocht agus foireann ár scoileanna, ár n-ionad, ár seirbhísí agus ár n-oifigí riaracháin as a dtiomantas, a ndíograis agus a ndílseacht leanúnach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na baill foirne atá imithe ar scor, a bhí ag oibriú ar feadh tamall fada agus guím sláinte agus sonas orthu don todhchaí. Tá an BOOLUF go mór faoi chomaoin acu as an tseirbhís ghairmiúil agus thiomanta a chuireann siad ar fáil don eagraíocht.



Seosamh Ó Cuinneagáin
Príomhfheidhmeannach

# BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

| Ball den Bhord | Comhlacht Ainmniúcháin |
| --- | --- |
| An Comh. Neil Feighery (Cathaoirleach, éirithe as mar Chathaoirleach an 24 Samhain 2020) | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Comh. Robert McDermott (ceaptha mar Chathaoirleach an 8 Nollaig 2020) | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Comh. Willie Aird | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. Caroline Dwane-Stanley | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. Catherine Fitzgerald (Leas-Chathaoirleach) | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. Pádraig Fleming | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. John King | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. Mary Sweeney | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Comh. John Carroll | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Comh. Clare Claffey | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Comh. Eddie Fitzpatrick | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Comh. Frank Moran | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An tUasal Evelyn Dunne | Ionadaí Foirne |
| An tUasal Shane Flesk | Ionadaí Foirne |
| An tUasal Mary Cotter-Bracken | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An tUasal Dave Cullen | Ionadaí Tuismitheoirí |
| An tUasal Maura Brophy | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Molly Buckley | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal John Mollin | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Frank Smith | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Niall Tully | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |

# FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD

| Ball den Bhord | Dáta Cruinnithe in 2020 | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 27 Eanáir | 24 Feabhra | 30 Márta | 25 Bealtaine | 27 Iúil | 28 Meán Fómhair | 8 An Nollaig | Iomlán |
| An Comh. Neil Feighery | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | ✘ | 4/7 |
| An Comh. Willie Aird | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 6/7 |
| An Comh. Caroline Dwane-Stanley | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Catherine Fitzgerald | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Pádraig Fleming | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 6/7 |
| An Comh. John King | ✔ | ✘ | ✘ | ✘ | ✔ | ✘ | ✔ | 3/7 |
| An Comh. Mary Sweeney | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | 6/7 |
| An Comh. John Carroll | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Clare Claffey | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Eddie Fitzpatrick | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Robert McDermott | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An Comh. Frank Moran | ✘ | ✘ | ✘ | ✘ | ✘ | ✘ | ✘ | 0/7 |
| An tUasal Evelyn Dunne | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An tUasal Shane Flesk | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✘ | ✔ | ✔ | 5/7 |
| An tUasal Mary Cotter-Bracken | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | ✘ | 5/7 |
| An tUasal Dave Cullen | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An tUasal Maura Brophy | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | ✘ | ✔ | ✘ | 4/7 |
| An tUasal Molly Buckley | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | 6/7 |
| An tUasal John Mollin | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |
| An tUasal Frank Smith | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✘ | 4/7 |
| An tUasal Niall Tully | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 7/7 |

# DEIMHNIÚ COMHLÍONTA

Feidhmíonn BOOLUF i gcomhréir le hAcht BOO 2013, leis an gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna 2019, agus le Ciorcláin ábhartha ón Roinn Oideachais. Tá an Bord freagrach as an bhfeidhm Fhorchoimeádta mar atá leagtha amach san Acht BOO 2013 agus tá an Fheidhmeannacht freagrach as gach feidhm eile.

Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid ghnóthaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (na RABanna). Cheadaigh an Bord na RABanna ag a chruinniú an 29 Márta 2021 i ndiaidh gur mhol an Coiste Airgeadais amhlaidh a dhéanamh. Tá na RABanna faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an ARCC). Foilseoidh BOOLUF na RABanna laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ón ARCC.

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2020. Déanann an Bord an riosca don eagraíocht a bhainistiú trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca agus tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh dó maidir lena fheidhm riosca. Braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna (an AII-BOO) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon iniúchtaí seachtracha, ar nós iad siúd faoina dtugtar thar ceann Chiste Sóisialta na hEorpa. Buanearra é Bainistíocht Riosca ag gach Cruinniú Boird agus déanann an Bord breithniú ar thuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar athruithe ar rátálacha riosca, agus ar an gClár Riosca. Tá na rioscaí ailínithe le haidhmeanna straitéiseacha BOOLUF agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú.

Rinne an Bord athbhreithniú ar nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag BOOLUF. Cheadaigh an Bord an Ráiteas um Rialú Inmheánach (an RRI) ar mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an RRI, atá faoi réir a athraithe go dtí go gcuirfear an iniúchadh an ARCC i gcrích, curtha san áireamh ar Leathanach 4 de na RABanna agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Deimhníonn BOOLUF go bhfuil sé ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Comhlíonann BOOLUF a oibleagáidí faoin dlí cánach.

Cloíonn BOOLUF lena Bheartais agus Nósanna Imeachta Soláthair i dteannta le rialacháin agus treoirlínte soláthair náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Rinne BOOLUF an Plean Corparáideach Soláthair a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm in 2020.

De réir cheanglas an Achta BOO, 2013 a bhaineann le sonraí a fhoilsiú faoi aon bhronntanas a fuarthas a sháraíonn an méid a shonraigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dearbhaím nach bhfuarthas aon bhronntanais den saghas sin in 2020.

Chuir Cathaoirleach BOOLUF Tuarascáil Chuimsitheach rúnda faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 6.8 den Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna. Áirítear leis earraí ar nós dearbhú go bhfuil beartas Rialtais á chomhlíonadh, imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus cuntas ar gach forbairt lena mbaineann tábhacht tráchtála a rinne difear do BOOLUF sa bhliain roimhe sin.

# BALLRAÍOCHT AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire le linn na bliana 2020:

| Ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | | Freastal ar Chruinnithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 20 Feabhra | 27 Márta | 13 Iúil | 7 Meán Fómhair | 7 Nollaig | Iomlán |
| An tUasal Martin Byrne (Cathaoirleach) | Ball Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An tUasal Oliver McCormack | Ball Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An tUasal Anne O'Keeffe | Ball Seachtrach | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 4/5 |
| An tUasal Hughie Egan | Ball Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An tUasal Declan Kirrane | Ball Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An Comh. Pádraig Fleming | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An tUasal Frank Smith | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | 4/5 |
| An Comh. John Carroll | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |

# BALLRAÍOCHT AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE AN CHOISTE AIRGEADAIS

Chas an Coiste Airgeadais ar a chéile cúig huaire in 2020:

| Ballraíocht an Coiste Airgeadais | | Freastal ar Chruinnithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 20 Feabhra | 27 Márta | 13 Iúil | 7 Meán Fómhair | 7 Nollaig | Iomlán |
| An tUasal Peter Scully (Cathaoirleach) | Ball Seachtrach | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An tUasal Molly Buckley | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | 4/5 |
| An Comh. Caroline Dwane-Stanley | Ball BOOLUF | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | 3/5 |
| An tUasal John Mollin | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | 5/5 |
| An Comh. Neil Feighery | Ball BOOLUF | ✘ | ✔ | ✘ | ✘ | ✘ | 1/5 |
| An Comh. Mary Sweeney | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ | 4/5 |
| An Comh. Clare Claffey | Ball BOOLUF | ✔ | ✔ | ✘ | ✘ | ✘ | 2/5 |

# PRÓIFÍL EAGRAÍOCHTA


Bunaíodh BOOLUF an 1 Iúil 2013 agus is é an soláthraí reachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna i Laois agus Uíbh Fhailí. Is í aidhm fhoriomlán BOOLUF ár mic léinn a chumasú chun a lánchumas a bhaint amach. Táimid meáite ar eispéiris foghlama a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais mhic léinn ar gach aois agus cumas. Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil dár mic léinn chun cabhrú leo a spriocanna foghlama agus a gcáilíochtaí a ghnóthú. Cuirimid roghanna aistrithe agus dul chun cinn ar fáil dár mic léinn freisin chun na deiseanna a bhíonn acu uasmhéadú chun tabhairt faoi bhreisoideachas agus oiliúint agus fostaíocht a bhaint amach.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le háitreabh agus acmhainní oiriúnacha dár mic léinn mar chuid dár dtiomantas d'oideachas ionchuimsitheach. Táimid airdeallach ar na freagrachtaí atá orainn maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Tuigimid an tábhacht a bhaineann leis an teicneolaíocht mar bhealach chun barr feabhais a chur ar fhoghlaim, comhoibriú agus cumarsáid i measc ár mac léinn agus ár bpáirtithe leasmhara. Chuige sin, oibrímid lena chinntiú go bhfuil teacht ar ár gcórais dhigiteacha agus go bhfuil siad iontaofa agus cosanta.

Tá mar uaillmhian again leanúint ag dul i méid mar eagraíocht foghlama agus cinntímid go mbíonn teacht ag ár bhfoireann ar dheiseanna leanúnacha forbartha gairmiúla. Áirítear leis seo a chumasú cleachtóirí machnamhacha a dhéanamh den fhoireann, a scileanna a fheabhsú, agus comhoibriú le comhghleacaithe. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar bhealaí éagsúla, idir cláir chreidiúnaithe agus ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

Tuigimid gur féidir go leor d'obair ár n-eagraíochta a dhéanamh a bhuíochas leis an bhfoireann tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, ionaid, agus seirbhísí agus leis na príomhfheidhmeanna tacaíochta ag an gCeannoifig. Is rímhór dúinn an rannchuidiú a thugann na coistí éagsúla a thacaíonn le BOOLUF ar leibhéal eagraíochta agus inár scoileanna agus ionaid. Oibrímid i gcomhar le príomheagraíochtaí agus príomhghníomhaireachtaí freisin ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun seirbhís ardchaighdeáin a bhaint amach dár mic léinn.

# LÉARSCÁIL NA SEIRBHÍSÍ



# SUÍOMH NA SEIRBHÍSÍ

| Oifigí Riaracháin |
|---|
| Bóthar an Droma, Port Laoise |
| Foirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór |

| Scoileanna |
|---|
| Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach |
| Coláiste Bheannchair |
| Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic |
| Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire |
| Coláiste Thulach Mhór |
| Coláiste Chluain na Slí |
| Coláiste Dhún Masc, Port Laoise |
| Coláiste Phort Laoise |
| Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh |

| Na hEalaíona |
|---|
| Scoil Cheoil Laoise,<br>Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise |
| Music Generation Laois,<br>Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise |

| Breisoideachas agus Oiliúint |
|---|
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhiorra |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cúil an tSúdaire |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise |
| Institiúid Phort Laoise |
| Ionad Scileanna Lár na Tíre |
| Ionad Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta, Mount Lucas |
| Ionad Oideachais Phríosún Phort Laoise |
| Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre |

# MIONDEALÚ FOIRNE

| Catagóir | Iomlán |
|---|---|
| Múinteoirí Iar-Bhunscoile | 431 |
| Múinteoirí/Oidí/Teagascóirí BOO | 277 |
| Foireann Riaracháin | 139 |
| Comhordaitheoirí/Bainisteoirí Ionaid | 16 |
| Oibrithe Acmhainne | 13 |
| Foireann Cothabhála | 42 |
| Foireann Tacaíochta (CRSanna san áireamh) | 139 |
| **IOMLÁN** | **1057** |

| An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí | |
|---|---|
| Seosamh Mac Cuinneagáin | Príomhfheidhmeannach |
| Marie Bracken | Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta |
| Tony Dalton | Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna |
| Paul Fields (go dtí Iúil 2020) | Stiúrthóir Scoileanna |
| Linda Tynan (ó Lúnasa 2020) | Stiúrthóir Scoileanna |

# SCÉIM TEANGA

Tháinig an Scéim Teanga 2020-2022, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i bhfeidhm in 2020. Tá na ceanglais éigeantacha go léir i bhfeidhm agus cuireadh i bhfeidhm na gealltanais do chéad bhliain na scéime. Tá an Scéim Teanga ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

# RÁITIS AIRGEADAIS

Foilseoidh an Bord na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais:

a) Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha;
b) Sochair iarfhostaíochta;
c) Sochair foirceanta;

Cuirfear sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú idir €0 agus €59,999 orthu agus ar a sochair fostaí iomlána (gan costais phinsean fostóra a áireamh) don tréimhse thuairiscithe agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána fostóra san áireamh freisin sna ráitis airgeadais.

# FÍS, MISEAN, LUACHANNA AGUS SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

D'fhorbair BOOLUF 'Ráiteas Straitéise 2018-2022' mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um BOO 2013 in 2018. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo ár n-eagraíochta sna cúig bliana atá amach romhainn lena chur ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le hoideachais agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Laoise agus Uíbh Fhailí. Leagtar amach cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht i Ráiteas Straitéise BOOLUF faoi cheithre Sprioc Straitéiseacha. Tá a sraith féin tosaíochtaí straitéiseacha ag gach sprioc a bhainfear amach trí shraith de ghníomhaíochtaí tacaíochta. Dearadh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo chun cuidiú le BOOLUF na deiseanna agus na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana atá amach romhainn a thapú agus a shárú.

## FÍS

*Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeáin a sholáthar go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí.*

## MISEAN

*Sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint*

## LUACHANNA

*Comhionannas, Comhoibriú, Gairmiúlacht, Iomláine agus Nuálaíocht*

| ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2018-2022 | |
|---|---|
| **Sprioc 1** | **Oideachas agus Oiliúint den Scoth**<br>Teagasc, foghlaim agus measúnú ar a ndéantar dearbhú cáilíochta a sholáthar do chách, chomh maith le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe a chinntiú i measc na mac léinn. |
| **Sprioc 2** | **Eispéireas den Scoth do Mhic Léinn**<br>Eispéiris agus timpeallachtaí foghlama dearfacha ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha a sholáthar do mhic léinn. |
| **Sprioc 3** | **Claochlú na hEagraíochta**<br>Cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe a chur chun cinn laistigh den eagraíocht. |
| **Sprioc 4** | **Forbairt Foirne**<br>Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil, agus tacaíocht agus deiseanna foirne a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leanúnach. |

# TUARASCÁIL PHLEAN NA SEIRBHÍSE

## SPRIOC: Eispéireas Mic Léinn/Foghlaimeora a Bharrfheabhsú

**Tosaíocht** Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach mac léinn/foghlaimeoir, áireamh foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe san áireamh

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Samhail an Ionaid BOO a fhairsingiú ina soláthrófar clár agus seirbhísí ar láithreáin aonair go comhtháite | Síneadh Samhail an Ionaid BOO go dtí Clóirtheach, Biorra agus Institiúid Phort Laoise | R3 | • Ionad BOO nua Bhiorra le hoscailt i Ráithe 2 2021<br>• Modhanna eile soláthair tosaithe in Institiúid Phort Laoise i Ráithe 3 2020<br>• FGL do mhúinteoirí chun tacú le foghlaim ar líne<br>• FGL in TFC/foghlaim ar líne do mhúinteoirí agus tacaíocht shonrach á tabhairt sna limistéir seo ag scoileanna trí fhreagairt do riachtanais mhic léinn agus tuismitheoirí<br>• Tacaíocht scoile aonair a thabhairt do mhic léinn agus tuismitheoirí |

**Tosaíocht** Cur chuige glór mic léinn/foghlaimeoirí i dtaobh limistéir a shainaithint a bhfuil ag éirí go maith leo agus limistéir is gá a fheabhsú

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Cur chuige glór mic léinn/foghlaimeora a leabú i measc scoileanna agus ionad | Léireofar ionchur glór mic léinn/foghlaimeoirí sa chleachtas agus sa bheartas | R3 - R4 | Déantar príomhchuid de phróiseas Féinmheasúnaithe DCCÉ d'Aiseolas ó Fhoghlaimeoirí |

**Tosaíocht** Curaclam fairsingbhunaithe a sholáthar ina léirítear riachtanais agus ábhair spéise mic léinn agus foghlaimeoirí

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Cláir cháilíochta a sholáthar a bhaineann ardleibhéil de choinneáil, gnóthachtáil agus dul chun cinn foghlaimeoirí amach | Spriocanna a bhaint amach de réir Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOOLUF/SOLAS | R4 | Torthaí CFS 2018-2020:<br>Tairbhithe: 32,612<br>Dul chun cinn go dtí BOO/AO 13,031<br>Fostaithe 3,254 |

**Tosaíocht** Curaclam fairsingbhunaithe a sholáthar ina léirítear riachtanais agus ábhair spéise mic léinn agus foghlaimeoirí

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| A fhiosrú gearrchúrsaí a thabhairt isteach don tSraith Shóisearach<br><br>A chinntiú go gcuirtear modhanna suimitheacha agus múnlaitheacha aiseolais i bhfeidhm i scoileanna<br><br>A chinntiú go nglactar le modheolaíochtaí MCF/MAF laistigh de shuíomhanna scoile | Titfidh plé ar ghearrchúrsaí amach ag cruinnithe príomhoidí | R4 | • Cuireadh tús i scoileanna aonair le gearrchúrsaí a thabhairt isteach don tSraith Shóisearach<br>• Tá tacaíochtaí i modheolaíochtaí MCF/MAF ar bun laistigh de scoileanna |

**Tosaíocht** Córais Dearbhaithe Cáilíochta a Chur i bhFeidhm

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Athbhreithniú a dhéanamh ar na bealaí reatha dul chun cinn agus roghanna breise dul chun cinn a shainaithint do gach mac léinn | Tá comhaontuithe nua Tríú Leibhéal á bhforbairt le IT Bhaile Átha Luain agus IT Cheatharlach | R3 | Tá comhaontuithe i bhfeidhm le IT Cheatharlach agus IT Bhaile Átha Luain. |
| Beartas Rochtana, Aistrithe agus Dul chun Cinn a fhorbairt | Forbraíodh próiseas Iontrálacha Coiteanna | R3 | Próiseas Coiteann Iontrálacha BOO forbartha, ceadaithe agus curtha i bhfeidhm. |
| Samhail oiliúna leanúnaí a sholáthar do FMS i scoileanna | Oibreofar Beartas Rollaithe Choitinn ina dtabharfar aird ar an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) i ngach scoil | R1 - R4 | Tá Beartais Iontrála Nua i bhfeidhm i ngach scoil |
| Tacaíocht Pleanála DEIS a sholáthar do scoileanna | DEIS agus FMS leabaithe i scoileanna agus i mbeartais scoile | R4 | Tá tacaíocht á tabhairt go leanúnach do phleanáil FMS/DEIS. Tá FGL breise le cur ar fáil nuair a eisíonn an RS Litir Chiorcláin nua don chéad chéim eile de FMS |
| Athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar limistéar amháin de MGL a dtugtar tús áite dó le dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an tseirbhís | Athbhreithniú MGL a scaipeadh ar an gCeannoifig | R4 | Tosaithe agus ar bun |

**Tosaíocht** Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol bheith faoi mhíbhuntáiste oideachais ar aon dul leis an mbeartas reatha náisiúnta

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Foirne Oideachais Speisialta a chruthú/a fhorbairt i ngach scoil | An tsamhail RSO/MRS a chur i bhfeidhm go leanúnach i scoileanna | R3 | • An tsamhail RSO curtha i bhfeidhm i soláthar Ógtheagmhála i Laois<br>• Tacaíocht leanúnach á tabhairt do scoileanna. Tá oiliúint nua lena dtacaíonn BOOÉ sa limistéar seo le tosú i Ráithe 4 2021 |

**Tosaíocht** Seirbhísí treorach agus comhairleoireachta a sholáthar

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Cur chuige uile-scoile a fhorbairt i leith pleanáil treorach i scoileanna | Samhail Treorach Nua Chomhtháite á forbairt | R3 | • Samhail chomhtháite treorach ag feidhmiú i measc na n-ionad agus na seirbhísí go léir |
| | Léireofar cur chuige uile-scoile i mBeartais Treorach | R4 | • Cur chuige uile-scoile i leith treorach i bhfeidhm |

**Tosaíocht** Áiseanna ardchaighdeáin foghlama/oiliúna a sholáthar

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Tosaíochtaí a shainaithint d'fheabhsúcháin i bhfoirgnimh agus cistiú a lorg ó fhoinsí ábhartha | Áis nua Ionad BOO i mBiorra agus acmhainn bhreise Oiliúna i dTulach Mhór a shainaithint | R1 | • Sainaithníodh áis ar Shráid Townsend, Biorra agus táthar ag tabhairt faoi athchóiriú air faoi láthair |
| Tabhairt faoi Iniúchtaí rialta Sláinte agus Sábháilteachta ar ár n-áitribh go léir | Tabharfar faoi Mheasúnú Riosca i ngach Ionad agus Scoil agus Oifig Riaracháin | R1 - R2 | • Fuarthas acmhainn bhreise ag roinnt láithreacha ag Ionad BOO Thulach Mhór, Ionad Oiliúna Pobail Thulach Mhór agus Ionad Scileanna Lár na Tíre |

### **Tosaíocht** Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Leanúint le gníomhaíochtaí a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil táirgiúlacht ag an ionad i rith na bliana go léir | Cuirfear An Scoil is Aclaí in Uíbh Fhailí, Siúlóid ar Phortaigh, agus Raon Rothar Shliabh Bladhma leis an tsraith gníomhaíochtaí | R4 | • Cuireadh tús le Raon Rothar Shliabh Bladhma i R3 2020<br>• Críochnaíodh cúrsa bacainní na Scoileanna is Aclaí |
| Oibriú i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Spóirt le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí lasmuigh a mhéadú i measc daoine ar gach aois a thugann faoi ghníomhaíocht choirp trí ghníomhaíocht taobh amuigh agus spórt eachtraíochta faoin ‘gCiste Nuálaíochta Taobh Amuigh’ náisiúnta | Oibriú go háitiúil le comhpháirtithe, e.g. Seirbhísí don ógra, scoileanna áitiúla/grúpaí forbartha pobail/grúpaí míchumais/ eagraíochtaí, moil taobh amuigh chun cláir eachtraíochta a sholáthar a uasmhéadaíonn gníomhaíocht choirp agus conláistí caitheamh aimsire sa timpeallacht nádúrtha | R2 | Ó cuireadh tús le bliain acadúil 2020/2021, thacaigh IOOT Bhiorra leis an hIar-bhunscoileanna agus na hIonaid BOO trí ghníomhaíocht fhisiciúil agus caitheamh aimsire a sholáthar do mhic léinn. A fhad le deireadh mhí na Nollag, ghlac 1300 mac léinn ó 13 scoil páirt i Scileanna Loingseoireachta, Cnocadóireacht, Rothaíocht Sléibhe agus i gclár CycleRight, ar chlár oiliúna praiticiúil sábháilteachta agus scileanna rothaíochta é a chuireann rothaithe inniúla agus muiníneacha chun cinn |

### **Tosaíocht** Plean le haghaidh déimeagrafaic athraitheach

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Tabhairt faoi athbhreithniú ar líonta mic léinn i mbunscoileanna friothálacha agus ar an gcomhréir mhic léinn atá ag freastal ar scoileanna BOOLUF | Cuirfear anailís ar an líon mic léinn i scoileanna BOOLUF le chéile<br><br>Feasacht mhéadaithe ar láithreacht agus ar acmhainn na Pobalscoile Náisiúnta | R3 | Críochnaíodh anailís ar dhéimeagrafaic áitiúil ar leibhéal scoile aonair<br><br>Cuireadh tús le feasacht mhéaduithe i R4 agus déanfar seo a thabhairt chun cinn in 2021 |

**Tosaíocht** Idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le fostóirí

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Leanúint le soláthar a fhairsingiú, a chomhtháthú agus a ailíniú chun freastal ar riachtanais mhic léinn, fostóirí agus an gheilleagair áitiúil | Seirbhís Tacaíochta Fiontraíochta BOO bunaithe | R1 | Thosaigh BOOLUF pointe teagmhála aonair do gach earnáil fiontraíochta laistigh den réigiún<br><br>Forbraíodh Próiseas Faofa Clár BOOLUF agus díriú ar rannpháirtíocht i measc fostóirí i gCláir a Fhorbairt a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil |
| | Forbróidh an Fhoireann Forbartha agus Tacaíochta Fiontraíochta straitéis cumarsáide bunaithe ar chur chuige Bainistíochta Caidrimh le Cliaint. | R2 | Tá an straitéis nua cumarsáide á cur i bhfeidhm ag an tSeirbhís Tacaíochta Fiontraíochta, seimineáir ghréasáin rialta 'Déan Gnólacht a Mhairfidh an Aimsir de do Ghnólacht' agus próifíliú leanúnach san áireamh ar sheirbhísí BOOLUF i leith na fiontraíochta ar LinkedIn. |

**Tosaíocht** Cláir chúrsaí oiliúna agus phrintíseachta a sholáthar agus a fhorbairt

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| | Méadú ar sholáthar Cúrsaí Oiliúna, de réir an CFS | R4 | Tosaíodh Cúrsaí Oiliúna nua ar Athshlánú Talamh Phortaigh, Talmhaíocht Inbhuanaithe agus Speisialtóir an Tionscail Fóntas.<br>Rinneadh Cúrsa Oiliúna Cianoibre a fhorbairt agus a thabhairt isteach mar Oiliúint Sainscileanna (SST) do bhainisteoirí agus fostaithe mar gheall ar thimpeallacht Covid-19. |
| | Tá Printíseacht Scafalra ar feitheamh lena bailíochtú | R2 | Bailíochtaíodh Printíseacht Scafalra agus cuireadh tús le próiseas earcaíochta teagascóirí. Glacfar leis na chéad iontrálaithe Printísigh: R2 2021 |

**Tosaíocht** A chinntiú go bhfuil na bearta riachtanacha uile um chosaint leanaí i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Deiseanna oiliúna leanúnacha a sholáthar do bhainistíocht scoile | Cuairt chomhlíonta a thabhairt ar na scoileanna go léir | R1 | Cuireadh cuairt an Oifigigh Chomhlíontacháin ar scoileanna agus ionaid ar fionraí i Márta 2020 ach táthar ag leanúint le cuairteanna a thabhairt ar líne<br>Chuir gach scoil riachtanais nuashonraithe um Chosaint Leanaí i bhfeidhm |

**Tosaíocht** Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna

| Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Oíche Bhliantúil Ealaíon BOOLUF a eagrú chun na healaíona i scoileanna a chur chun cinn | Oíche Ealaíon BOOLUF in Ionad Ealaíon Dhún Másc | R1 - R4 | Cuireadh oíche bhronnta gradam ar siúl an 7 Márta 2020 |
| | Taispeántas Ealaíona i Scoileanna BOOLUF sa Cheannoifig | R1 - R4 | Ar siúl |
